

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (AS COMP)

### Foilsíú phost an Phríomhoifigigh Theicniúil (grád AD 14)

#### (Fostú Baill Foirne Shealadaigh faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile)

COM/2025/10470

#### Cé sinn féin

Is é an Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, a fhorfheidhmíonn rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh go díreach chun margaí a chur ag feidhmiú ar bhealach níos fearr, trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil iomaíocht chóir chothrom ann idir na cuideachtaí uile de réir a bhfiúntais féin. Téann sé sin chun tairbhe do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus do gheilleagar na hEorpa ina iomláine.

Laistigh den Choimisiún, is í Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (AS COMP), thar aon seirbhís eile, atá freagrach as na cumhachtaí forfheidhmiúcháin dhírigh sin.

Tá sna stiúrthóireachtaí oibríochtúla laistigh de AS COMP ina gcuid de struchtúr maitrise ina mbainistítear na hionstraimí iomaíochta éagsúla (in aghaidh trastaí, cumaisc agus Státchabhair) i bpríomhearnálacha den gheilleagar. Tá AS COMP freagrach freisin as rialacháin na n-ardán digiteach agus na bhfóirdheontas eachtrach a fhorfheidhmiú.

Tuairisceoidh an Príomhoifigeach Teicniúil go díreach don Príomhoifigeach Teicniúil an Ard-Stiúrthóir, agus cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisinéir atá freagrach as an Iomaíocht agus ar an Ard-Stiúrthóir maidir le cúrsaí a bhaineann leis an teicneolaíocht, agus déanfaidh sé gach tionscadal, tionscnamh agus sruth oibre a bhaineann le sonraí agus teicneolaíocht a threorú agus a mhaoirsiú le haghaidh AS COMP. Beidh an Príomhoifigeach Teicniúil i gceannas ar Fhoireann atá le bheith ina hionad bairr feabhais maidir le huirlisí imscrúdaitheacha digiteacha, maidir leis an eolaíocht sonraí agus maidir leis an Intleacht Shaorga agus a mbeidh sé de phríomhaidhm aici tacú le cúraimí AS COMP maidir le forfheidhmiúchán agus faireachán margaidh, cúraimí atá bunaithe níos mó ná riamh ar shonraí.

Is ar leibhéal Stiúrthóra atá an post (AD 14). Is sannachán sealadach 3 bliana é, tréimhse a fhéadfar a athnuachan go ceann 2 bhliain ar a mhéad.

#### An tairiscint

Is éard atá á thairiscint againn post an-dúshlánach mar Phríomhoifigeach Teicniúil chun comhairle a thabhairt don Choimisinéir atá freagrach as an Iomaíocht agus ar an Ard-Stiúrthóir maidir le cúrsaí a bhaineann leis an teicneolaíocht, maidir le straitéis, tosaíochtaí agus tionscadail dhigiteacha AS COMP, lena n-áirítear ar bhonn staidéir arna ndéanamh ag saineolaithe seachtracha nó ag an bPríomhoifigeach Teicniúil san áireamh, agus Foireann an Phríomhoifigigh Theicniúil (aonad atá ceangailte leis an bPríomhoifigeach Teicniúil agus atá á bhainistiú ag Ceann Aonaid) á stiúradh trí shruthanna oibre an-sofaisticiúil, agus fíís, treoshuíomh straitéiseach foriomlán, treoraíocht agus comhordúchán ar bhaill foirne agus gníomhaíochtaí na Foirne á soláthar an tráth céanna.

Beidh an Príomhoifigeach Teicniúil i gceannas ar an gcinntiú go riarfaidh an Fhoireann ar riachtanais AS COMP, atá ag síormhéadú, maidir le hanailísíocht sonraí úrscothach chomh maith le bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh na teicneolaíochta de i leith imscrúduithe digiteacha a

shaothrú, lena n-áirítear fóiréinsic dhigiteach, intleacht dhigiteach, intleacht shaorga nó aon fhorbairtí digiteacha eile. Chuige sin, ní mór tuiscint an-mhaith a bheith aige ar na riachtanais atá ag lucht gnó i leith rialacha iomaíochta agus ionstraimí rialála (cuir i gcás an Gníomh um Margaí Digiteacha) a fhorfheidhmiú. Chun freastal ar na riachtanais ghnó sin, ba cheart don Phríomhoifigeach Teicniúil réitigh imscrúdaitheacha a sholáthar a bheidh oiriúnach do na riachtanais sin, agus an úsáid is fearr agus is éifeachtúla á baint aige as sainscileanna bhaill foirne Fhoireann an Phríomhoifigigh Theicniúil.

Tacaíonn Foireann an Phríomhoifigigh Teicniúil le hobair fhorfheidhmiú iomaíochta AS COMP sna réimsí uile agus oibríonn sí i ndlúthchomhar leis na ranna ábhartha uile in AS COMP, amhail an t-aonad atá i gceannas ar Réitigh Dhigiteacha Ghnó agus aonaid oibríochtaí. Ar a bharr sin, oibreoidh an Príomhoifigeach Teicniúil agus a fhoireann le hArd-Stiúrthóireachtaí eile sa Choimisiún Eorpach, le hInstitiúidí Eorpacha eile, leis na Ballstáit agus lena n-údaráis iomaíochta náisiúnta chomh maith le heagraíochtaí seachtracha. 22 bhall foirne a bheidh san Fhoireann, ar baill iad a bheidh fuinniúil, comhoibritheach agus dírithe ar sheirbhísí, agus a spreagfaidh paisean do theicneolaíochtaí digiteacha.

Áireofar na nithe seo a leanas ar phríomhchúraimí an Phríomhoifigigh Theicniúil:

- Comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí teicneolaíochta in imscrúduithe agus beartas digiteach, lena n-áirítear sa Ghníomh um Margaí Digiteacha nó in aon imscrúdú iomaíochta ina bhfuil ról tábhachtach ag gnéithe teicneolaíochta, mar shampla saincheistanna teicniúla, algartamacha nó sonraí.
- Na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí atá ar fáil a úsáid chun réitigh a sholáthar a riarfaidh ar riachtanais anailísíochta sonraí aonaid oibríochtaí AS COMP ar fud na n-ionstraimí éagsúla, go háirithe cairtéil agus in aghaidh trustaí agus cumasc chomh maith leis an nGníomh um Margaí Digiteacha agus leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, cibé acu le tionscadal/cás atá dian ar shonraí nó ar bhonn *ad hoc* a dhéanfar sin.
- A chinntiú go mbeidh rochtain ag AS COMP ar theicneolaíocht TF Fhóiréinsigh ('FIT') úrscothach, ar eolaíocht sonraí agus cumais Intleachta Saorga le haghaidh imscrúduithe i leith ionstraimí éagsúla le chéile, go háirithe ionstraimí a bhaineann le cairtéil, gníomhaíocht aghaidh trustaí agus cumaisc, chomh maith leis an nGníomh um Margaí Digiteacha agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.
- Ról gníomhach a ghlacadh i líonra saineolaithe Imscrúdaithe Dhigitigh an Ghréasáin Eorpaigh iomaíochta agus teagmháil a dhéanamh leis na ranna eile de na hInstitiúidí Eorpacha ina n-úsáidtear TF Fóiréinseach agus anailísíocht sonraí.
- A bheith i gcónaí bord ar bhord leis na forbairtí teicneolaíochta agus ag sainaitheint topaicí agus gníomhaíochtaí ar spéis le AS COMP iad, ag déanamh deimhin de cháilíocht agus ábharthacht uirlisí agus modhanna TF atá ar úinéireacht ag AS COMP nó atá á n-úsáid aige, agus ag tabhairt comhairle don Ard-Stiúrthóir maidir le forbairt agus/nó soláthar uirlisí agus modhanna atá nuashonraithe nó nua, agus ag déanamh maoirseachta ar an bhforbairt agus/nó an soláthar sin, i gcás inarb iomchuí ar bhonn staidéir arna ndéanamh ag saineolaithe seachtracha nó ag an bPríomhoifigeach Teicniúil.
- Comhairle a thabhairt maidir le leathadh amach uirlisí TF atá nuashonraithe nó nua atá ar úinéireacht ag AS COMP nó atá á n-úsáid aige, agus maoirseacht a dhéanamh ar an leathadh amach sin.

Le linn an tsannacháin, beidh cead ag an bPríomhoifigeach Teicniúil páipéir a fhoilsiú agus sannacháin teagaisc theoranta a dhéanamh ar choinníoll nach gcuirfidh siad isteach ar a shainordú.

### **Táimid ag lorg**

Iarrthóirí a bhfuil na scileanna seo a leanas acu:

#### **Buanna pearsanta:**

- Sárscileanna cumarsáide labhartha agus scríofa, lena mbeidh sé in ann cumarsáide éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún agus a sheasamh a chosaint ag fóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta.
- An cumas oibriú i gcomhar le hidirghabhálaithe ar leibhéal sinsearach, chomh maith le hoibriú ar leibhéal éagsúla den eagraíocht.

#### **Sainscileanna agus saintaithí:**

- Eolas cruthaithe ar anailísíocht sonraí agus/nó ríomhaireacht agus/nó intleacht shaorga, agus dea-theist acadúil agus oiliúint ina dhiaidh sin agus/nó modhanna eile chun an t-eolas sin a choimeád cothrom le dáta mar fhianaise air sin (cuir i gcás foilseacháin acadúla nó cur i láthair ag sainchomhdhálacha i réimse na teicneolaíochta)
- Tuiscint an-mhaith ar riachtanais institiúideacha maidir le hanailísíocht sonraí úrscothach agus tacaíocht TF Fhóiréinsigh úrscothach agus a bheith in ann réitigh a sholáthar a réitíonn leis na riachtanais sin
- Measfar eolas cruthaithe ar chúrsaí iomaíochta agus/nó TF fóiréinseach a bheith ina bhuntáiste

#### **Scileanna bainistíochta:**

- An cumas foireann eolaithe sonraí oilte a stiúradh, a spreagadh agus a ghríosú, pleananna, cuspóirí agus tosaíochtaí a shainiú, ionchur a lorg ó bhaill foirne agus treoraíocht a thabhairt maidir le gnéithe teicniúla agus straitéiseacha araon
- Ardinniúlacht sa smaoineamh straitéiseach, inniúlacht láidir smaoineamh go húr agus nuáil a dhéanamh sna réimsí a chlúdaíonn an Ard-Stiúrthóireacht, agus a chinntiú go ndéanfar obair leantach éifeachtúil ina leith trí chur chuige atá dírithe ar sheirbhís agus ar thorthaí

## Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Is ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas amháin, nach mór iad a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á déanamh:

- Náisiúntacht: Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- Céim nó dioplóma ollscoile: Ní mór d'iarrthóirí:
  - Leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina bhfuil an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó ar fad;
  - Sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí bliana amháin ar a laghad i gcás ina bhfuil an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad ar fad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime atá iarrtha thíos).
- Taithí ghairmiúil: Ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana ar a laghad<sup>1</sup> a bheith acu ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas. Ní mór 10 mbliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm ardleibhéil agus i réimsí atá ábhartha don phost seo<sup>2</sup>.
- Taithí bhainistíochta: Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte acu i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil<sup>3</sup>.
- Teangacha: Ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh<sup>4</sup> agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.
- Teorainn aoise: Ní mór do na hiarrthóirí a bheith in ann an sainordú iomlán 3 bliana ar a laghad a chur i gcrích sula mbainfidh siad an ghnáthaois scoir amach, aois atá sainithe, do chomhaltaí d'fhoireann shealadach an Aontais Eorpaigh, mar dheireadh na míosa inar

---

<sup>1</sup> Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhir atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorbair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'obair an t-iarrthóir. Tá saoire mháithreachais/saoire do thuismitheoirí/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Is cuid den taithí ghairmiúil í céim dhochtúireachta, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

<sup>2</sup> Ba cheart d'iarrthóirí an méid seo a leanas a léiriú go soiléir ina *curriculum vitae*: (1) teideal agus ról an phoist a bhí acu agus cur síos ar an bhfeidhm a bhí acu; (2) an réimse ábhair agus an leibhéal san eagraíocht ar a raibh an post (líon na sraitheanna ordlathais os cionn an phoist agus faoina bhun), (3) na línte tuairiscithe le haghaidh gach poist a bhí acu.

<sup>3</sup> Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina *curriculum vitae*: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) an líon piaraí.

<sup>4</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile<sup>5</sup>).

## **Roghnú agus ceapadh**

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnú agus an ceapachán (féach: An Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach <sup>6</sup>).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailísiú ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifíil is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, iarrthóirí a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin. Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí doiciméid a thacaíonn leis an eolas a thugtar ina n-iarratas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an nós imeachta. Mura gcuirtear na doiciméid sin ar fáil laistigh den sprioc-am a shocraítear san iarraidh, d'fhéadfaí iad a fhágáil as an áireamh ón roghnú.

I ndiaidh na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh le CCA dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfadh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach don fheidhm.

Is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí a bheidh ar ghearrliosta CCA.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapacháin.

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is cinneadh riaracháin é an t-imréiteach slándála pearsanra a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúcháin slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúcháin a dhéanann údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát

---

<sup>5</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

<sup>6</sup> [https://commission.europa.eu/publications/documents-senior-management-selection-procedures\\_en](https://commission.europa.eu/publications/documents-senior-management-selection-procedures_en) (ar fáil i mBéarla amháin)

lena mbaineann uaidh an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

### **Comhdheiseanna**

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún cuspóir straitéiseach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

### **Coinníollacha fostaíochta**

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Is ina Chomhalta den Fhoireann Shealadach, faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, a earcófar an t-iarrthóir a roghnófar, i seilbh feidhm a chomhfhreagraíonn don phost bunúsach mar Stiúrthóir ag grád AD 14. Rangófar an t-iarrthóir roghnaithe i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí gairmiúla roimhe sin.

Is sannachán sealadach 3 bliana é agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse 2 bhliain ar a mhéad.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar a thabhairt dá aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is sa Bhruiséil atá an t-ionad oibre.

### **Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Beidh sé de cheangal ar na hiarrthóirí dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

### **Eolas tábhachtach d'iarrthóirí**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, go díreach nó go hindíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

### **Sonraí pearsanta a chosaint**

Áiríteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup>. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

---

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

## Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfidh an t-iarrthóir a iarratas isteach, ba cheart dó a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplómaí, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan chomhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass<sup>8</sup> más féidir é, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8,000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

**Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost.** Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: [HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu](mailto:HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu)

Is fútsa atá sé do chlárú ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, agus bheadh ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

## Dáta deiridh

Is é an **13/06/2023, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

---

<sup>8</sup> Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv>

